



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

publicjobs.ie



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

D'fhoilsigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don chéad uair i 2009

© 2009 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Gach ceart ar cosaint.

Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a
chraoladh i leagan ar bith nó ar aon bhealach, leictreonach nó meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil,
taifeadadh nó aon chóras stórála eolais nó aisghabhála gan cead scríofa a fháil ón tSeirbhís um
Cheapacháin Phoiblí.



CLÁR ÁBHAIR

Ráiteas an Chathaoirligh	4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	5
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	7
Ár Straitéis 2008 - 2010	10
Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin den Chaighdeán is Airde	12
Bainistíocht an Chaidrimh Dírithe ar an Iarrthóir	19
Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil	23
Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha	27
Aguisíní	34

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm ar mo shon féin agus ar son mo Bhaill Foirne, Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí don bhliain 2008 a chur i láthair.

Le linn na bliana lean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh le hobair ilchineálach do chliant ilchineálacha faoi mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo. Bhí an eagraíocht in ann iarrthóirí a bhí cáilithe go maith a mhealladh do na feachtais earcaíochta ar tugadh fúthu ar son ár gcliain. Tá rátáil sásaimh an-ard a bhaint amach againn ónár gcustaiméirí fós mar is léir ó shuirbhéanna a rinneadh agus ó aiseolas eile a fuarthas i rith na bliana. Tá dul chun cinn suntasach i dTaighde agus i bhForbairt déanta againn agus chríochnaigh muid agus d'fhoilsigh muid dhá mhórtuarascáil i 2008. Buaicphointe ar leith ab ea an Chomhdháil Ílchineálach Idirnáisiúnta a heagraíodh i gcomhar leis an Ghréasán Ilchineálach.

Bíonn an eagraíocht de shíor ag iarraidh feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus muid a chur i gcomparáid leis na comhlachtaí roghnúcháin /earcaíochta is fearr. D'úsáid muid gach deis leis an saineolas a ghnóthaigh an eagraíocht lenár gcliain do mhaitheas na seirbhíse poiblí i gcoitinne agus le cuid dár gcomhghleacaithe Eorpacha. Ba mhaith liom ar son an Bhoird, obair an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUasal Bryan Andrews a aithint agus foireann na hoifige ar fad maidir le seirbhís ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí ar fad.

Thit an t-éileamh ar sheirbhísí earcaíochta go mór sa tríú agus sa cheathrú ceathrú de bharr na n-athruithe eacnamaíochta ina n-iomláine sa tír agus an gá caiteachas sa tseirbhís poiblí a laghdú. Sílimid go leanfaidh an t-éileamh ar laghdú sna seirbhísí earcaíochta ar aghaidh le linn 2009. Tá dúshlán mhóra ag an tseirbhís poiblí de bharr na n-athruithe eacnamaíochta seo. Ní mór don tseirbhís poiblí ina hiomláine a chinntiú go sásaíonn na seirbhísí a sholáthraítear riachtanais ár saoránaigh atá ag athrú. Díreoidh an Bord, chomh maith leis an Phríomhfheidhmeannach agus a fhoireann ardbhainistíochta, ar scileanna agus inniúlachtaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr astu leis an tseirbhís poiblí a fhorbairt chun tabhairt faoi na dúshlán shuntasacha atá os ár gcomhair sna blianta amach romhainn.

Mr. Eddie Sullivan
Cathaoirleach
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Le linn 2008 d'éirigh linn gach aon phost a líonadh laistigh de thréimhse sásuil ama. Mheallamar eagraíochtaí nua chugainn féin a bhí sásta leas a bhaint as an oilteacht atá againn maidir le hearcaíocht, le measúnú agus leis an bpróiseas iarratas ar-líne atá cruthaithe go maith cheana féin. Bhí feachtais earcaíochta ar bun againn as a dtáinig feidhmeannaigh shinsearacha den scoth ó áiteanna sa bhaile is i gcéin agus d'éirigh linn roinnt post tábhachtach a líonadh sa tseirbhís phoiblí. Earnáil atá fiorthábhachtach dúinne is ea an earnáil sláinte agus bímid ag comhoibriú leis an FSS chun comhairleoirí ospidéal agus baill thábhachtacha foirne a fhostú. Ar an mórchóir is léir gur ag leibhéal fíorshásúil a bhíonn líon agus caighdeán na n-iarratasóirí a chuireann isteach ar phoist a fhógraítear.

Chun cur leis an tseirbhís earcaíochta agus measúnaithe i bpáirt leis an tseirbhís phoiblí rinneamar iarracht ar an réimse Daonacmhainní a leathnú agus ina theannta san margadh sármhaith a thabhairt don chliant. D'fhorbraíomar scileanna proifisiúnta agus oilteacht i réimsí mar anailís agus athailíniú post, creataí inniúlachta, suirbhéanna ar dhiongbháilteacht i measc fostaithe, forbairt ar thrialacha, teagasc feidhmeannach agus gairme, traenáil le haghaidh agallamh agus caomhnú caighdeán. Tá sé i gceist againn tacú leis an gclár Ag Cur Athrú ar Sheirbhísí Poiblí agus acmhainní a scaradh amach dá réir ar fud an chórais mar atá molta. Dá bhrí sin leanfaimid orainn ag soláthar na seirbhísí céanna i mbliana fad is a bheidh na hathruithe, na dúshláin agus an t-athailíniú ag dul i bhfeidhm ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair.

Is léir ón méid sin ar fad go bhfuilimid tar éis glacadh le malairt freagrachtaí ó thaobh seirbhísí de. Anois agus lánchosc ar an earcaíocht táimid in ann cabhrú le ranna eile a bhíonn chun deiridh ina gcuid oibre. Táthar ag súil le maolú ar an eagraíocht seo againne i mbliana agus i 2010, dá bhrí sin bhíomar ag dáileadh na foirne de réir gá ar fud na seirbhísí poiblí. É sin ráite, áfach, caithfear a chinntiú go mbeimid i gcónaí mar threoraí sa mhargadh earcaíochta agus go bhforbrófar an marc “publicjobs”. Nílímíd chun scaoileadh leis an oilteacht lárnach ná leis an ngairmiúlacht atá riachtanach dúinn. Beimid de shíor ag soláthar seirbhís den scoth dár réimse leathan cliant anois agus sa toadhcháí.

Ba mhaith liom anois an fhoireann seo againne a mholadh go hard as diansaothar agus dílseacht a léiriú le linn na bliana seo caite. Mar gheall ar an ngairmiúlacht úd tá mórán aitheantais agus gradam poiblí bainte amach acu. Sna Gradaim Earcaíochta ag Céimithe Éireann, “gradireland”, bhíomar ar an earcaitheoir ab fhearr san Earnáil Phoiblí agus bhíomar sa seachtú háit i measc an 100 Earcaitheoir Céimithe i 2008. Is cúis áthais dom a rá gur éirigh linn an Gradam Platanam de chuid FÁS Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a fháil arís don dara bliain as a chéile. Is é seo an gradam is airde dá bhfuil ar fáil dá leithéid. Fuarthas gradam eile ó Fhoras na Gaeilge toisc sinn a bheith i measc na 50 comhlacht/duine aonair ab fhearr chun gnó “as Gaeilge” a chur chun cinn. Is léir ón méid sin ar fad agus ó thorthaí suirbhéanna i measc cliant agus iarratasóirí araon go bhfuil díocas agus díograis ar siúl go forleathan i measc foirne ar bhonn leanúnach.

Is é Eddie Sullivan atá mar Chathaoirleach ar an mBord nua a ceapadh mí Feabhra 2008. Caithfear aitheantas a thabhairt don Bhord agus buíochas ó chroí a ghabháil leo as tacú liomsa agus leis an Fhoireann Bainistíochta i ngach aon slí le linn na bliana. Táim ag tnúth go mór le bheith ag comhoibriú leo anois go ceann bliana eile agus sinn ag plé leis na dúshláin atá fúinne agus, go deimhin, faoin tseirbhís phoiblí ar fad.

Caithfear aitheantas a thabhairt freisin dóibh siúd a tháinig ó mhórán earnála eile, ó ghairmeacha agus ó chúlraí éagsúla le bheith ar Bhoird Agallamh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Cuid riachtanach den tseirbhís is ea iad so mar go gcinntítear go bhfuil ionadaíocht ag an bpobal ar na boird agus go bhfuilimid ábalta go maith agus oilte ar cheapacháin a dhéanamh trí chothrom na Féinne a thabhairt do chách. Is go deonach a dhéantar an obair seo go minic, anuas ar an ngnáthchúram laethúil, agus caithfear buíochas a ghabháil leo siúd go léir as a bheith dílis i gcónaí dár gcuid oibre anseo sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Is féidir a bheith cinnte go mbeidh tréimhse shuaite sa tír seo go ceann bliana agus go háirithe sa tseirbhís phoiblí. Tá ardphlé ar siúl againn leis an Roinn Airgeadais faoin ról a bheidh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le scéim éifeachtach agus éifeachtúil athchóirithe fostaíochta a sholáthar sa tseirbhís phoiblí.

Táimid ag plé le cliaint faoi láthair chomh maith agus sinn ag iarraidh éileamh dár gcuid seirbhísí a mheas anois díreach agus go ceann tamaill eile. Bíonn an Fhoireann Bainistíochta agus mé féin de shíor ag faire ar leibhéal na n-acmhainní a bhíonn in úsáid. In éineacht leis an mBord cinnteimid go mbainfear an leas is fearr as ár gcuid acmhainní chun seirbhísí poiblí den scoth a sholáthar.

Bryan Andrews
Príomhfheidhmeannach



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Ár Misean

Solathróidh muid seirbhísí earcaíochta, roghnúcháin agus acmhainní daonna bainteacha d'ardchaighdeán a thacóidh le fás seirbhíse poiblí den scoth.

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i mí Dheireadh Fómhair 2004 nuair a cuireadh críoch le hOifig Choimisiún na Státseirbhíse agus le Coimisiúin um Cheapacháin Áitiúla.

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an eagraíocht lárnach a chuireann seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin ar fáil don Státseirbhís. Cuirimid seirbhísí earcaíochta agus seirbhísí acmhainní daonna bainteacha ar fáil d'Údaráis Áitiúla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, don Gharda Síochána agus do chomhlachtaí poiblí eile.

Baill an Bhoird

- ◆ **An tUasal Eddie Sullivan,**
Cathaoirleach, Iar-Ard-Rúnaí,
Bainistíocht agus Forbairt na
Seirbhíse Poiblí, An Roinn Airgeadais
- ◆ **An tUasal Bryan Andrews,**
Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse
um Cheapacháin Phoiblí
- ◆ **An tUasal Michael Errity,**
Rúnaí Cúnta, An Roinn Airgeadais
- ◆ **Ms. Breda Power,**
Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
- ◆ **An tUasal Des Dowling,**
Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil,
Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- ◆ **An tUasal Bernard Carey,**
Rúnaí Cúnta, An Roinn Sláinte agus
Leanaí
- An tUasal Dan Murphy,**
Ard-Rúnaí, Cumann Fheidhmeannaigh
na Seirbhíse Poiblí
- ◆ **Ms. Bernie Gray,**
Comhairleoir Neamhspleách AD
- ◆ **Ms. Michelle Shannon,**
Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhís Cearta
Óige na hÉireann



An Coiste Comhairleach Bainistíochta

- ◆ **An tUasal Bryan Andrews,**
Príomhfheidhmeannach
- ◆ **An tUasal Martin Bourke,**
Ceannasaí Bainistíochta an Chaidrimh le Cliaint
- ◆ **An tUasal Niall Leavy,**
Ceannasaí Taighde agus Forbartha Gnó
- ◆ **Ms. Mary Flynn,**
Ceannasaí na Seirbhísí Earcaíochta
- ◆ **Ms. Aine Gray**
Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe
- ◆ **An tUasal Tommy Quinn**
Ceannasaí na nAD Straitéiseacha agus na hEarcaíochta Feidhmiúcháin
Sinsearaí

A large teal abstract graphic with a white lightning bolt shape pointing towards the right. The text is positioned on the right side of the teal area.

Ar STRÁITÉIS do 2008 - 2010

Ár Straitéis do 2008 - 2010

Spríoc Foriomlán: Cuirfidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí córas gairmiúil earcaíochta ar chaighdeán idirnáisiúnta ar fáil dá gcliainnt ar fud na seirbhíse poiblí.

Spríoc 1: Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin ar Ardchaighdeán

An caighdeán is airde agus na réitigh earcaíochta is éifeachtaí a chinntiú a mheallfaidh na daoine is fearr chuig poist sa tseirbhís poiblí

Spríoc 2: Bainistíocht an Chaidrimh Dírithe ar an Iarrthóir

Seirbhís a chur ar fáil d'iarrthóirí ar phoist san earnáil poiblí a shásóidh agus a sháróidh a n-ionchais

Spríoc 3: Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

A chinntiú go bhfuil seirbhís oideachais agus taighde i bhfeidhm a sholáthróidh eolas cuí agus úsáideach a chuirfidh leis an bhunachar eolais a bhaineann le hacmhainní daonna sa tseirbhís poiblí

Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha a chabhróidh chun na spriocanna seo a bhaint amach

- ◇ Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- ◇ Dea-chleachtas na nAcmhainní Daonna agus Tacaíocht do Bhaill Foirne
- ◇ Airgeadas agus Rialachas Corparáideach
- ◇ Clár Díláraithe

A large, abstract teal graphic with a jagged, lightning-bolt-like shape in the center. The graphic is composed of several overlapping, wavy shapes. The text 'SPRIOC 1' is positioned in the upper right area of the teal shape, and the main title is in the lower left area.

SPRIOC 1

Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin ar Ardchaighdeán

Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin ar Ardchaighdeán

Aithníonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) go bhfuil sé ríthábhachtach ó thaobh éifeachtacht agus rath na Seirbhíse Phoiblí in Éirinn sa todhchaí, daoine leis na cáilíochtaí agus an taithí chuí a fháil agus a aithint chun dul i bpoist ag gach leibhéal. Aithnímid go bhfuil sé riachtanach go mbeadh cliaint bainteach leis na bpróiseas agus go gcaithfimid ár seirbhísí a chur i bhfeidhm ar dhóigh níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

Bhí an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i dteagmháil le gach cliant sa tseirbhís phoiblí ag gach staid den bpróiseas earcaíochta lena chinntiú gur soláthraíodh ár seirbhísí ar an chaighdeán is airde. Fuarthas 64,000 iarratas san oifig ar phoist sa tseirbhís phoiblí i réimse leathan d'oifigí san earnáil phoiblí ar fud na tíre. Dá bharr rinneadh 5,454 sannachán le linn na bliana (i gcomparáid le 6,403 i 2007).

Lean earnáil na n-údarás áitiúil ag lorg cúnamh ón oifig seo chun a bpróisis earcaíochta féin a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos éifeachtaí. Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an-sásta cuidiú a thabhairt leis an ghné thábhachtach seo d'earcaíocht san earnáil phoiblí mar go mbíonn coigiltis agus éifeachtachtaí trédhearcacha do na húdaráis bhainteacha mar thoradh air.

Bhí baint shuntasach leanúnach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le FnaSS le linn 2008 go háirithe i dtaca le hearcaíocht do Chomhairligh agus do phoist sinsearach eile.

Le linn na bliana rinneadh a lán oibre ar son na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus don Gharda Síochána. San áireamh san earcaíocht bhí Garda Faoi Oiliúint, Cúltaca an Gharda Síochána agus Oifigeach Príosúin faoi Oiliúint.

An Earnáil Státseirbhíse

Le linn 2008 mealladh 38,678 iarrthóir chun iarratas a dhéanamh ar fholúntais nó ar dheiseanna le hardú céime ar fud na Státseirbhíse. As an líon iarrthóirí seo shann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó mhol siad os cionn 3,000 duine do shannacháin i bpoist éagsúla.

I measc roinnt feachtas an-rathúil inár léiríodh an-suim agus a raibh baint ag próisis nuálaíochta earcaíochta leo bhí:

- Oifigeach Cléireachais Sealadach
- Oifigeach Cléireachais
- Oifigeach Feidhmiúcháin

- Oifigeach Feidhmiúcháin (TFC)
- Oifigeach Riaracháin
- Taighleoir Sóisearach/Treas Rúnaí

Líonadh folúntais chomh maith ó fheachtas a reáchtáil i 2007 dóibh seo:

- Oifigeach Foirne
- Oifigeach Feidhmiúcháin (Oilteacht i nGaeilge)
- Oifigeach Feidhmiúcháin (Teoranta) do dhaoine le míchumas)
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- Príomhoifigeach Cúnta
- Píomhoifigeach

Líonadh roinnt post sinsearach sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

chomh maith trí phróiseas iomaíochta le linn na bliana. Ina measc:

- Coimisinéir um Rialáil Fuinnimh
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Chomhairle Gairmiúil um Shláinte agus Cúram Sóisialta
- Príomhfheidhmeannach, An Príomh-Bhord Iascaigh
- Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
- Stiúrthóir an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
- Príomhfheidhmeannach, Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraicigh
- Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha
- Stiúrthóir an Chúraim Sláinte agus Stiúrthóir Airgeadais i Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Earcaíocht an Gharda Síochána

Lean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh ag freastal ar an éileamh ard ar Ghardaí faoi Oiliúint chun poist a líonadh i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Lean an suim ard i gCúltaca an Gharda Síochána agus próiseáladh iarratais ar bhun leanúnach le linn 2008. Rinneadh ceapacháin i bpoist shinsearacha lena n-áirítear Ceannasaí na Seirbhísí Dlí agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin na TFC.

Cabhair don Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC)

Leanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh ag cuidiú le TLAC iarratasóirí a roghnú do phoist ag an leibhéal is sinsearaí sa Státseirbhís. Reáchtáladh na feachtais seo a raibh próifíl ard acu le linn 2008 a chabhraigh le TLAC poist shinsearacha a líonadh sna ranna seo:

- ◇ An Roinn Airgeadais
- ◇ Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- ◇ Roinn an Taoisigh
- ◇ An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

- ◇ An Roinn Talmhaíochta agus Bia
- ◇ An tSeirbhís Chúirteanna
- ◇ An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta
- ◇ An Roinn Sláinte agus Leanaí
- ◇ Oifig na nOibreacha Poiblí
- ◇ Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

Earnáil na nÚdarás Áitiúil

Ba léir go raibh réimse leathan do phoist sna hÚdarás Áitiúla le linn 2008. Moladh 181 duine do phoist éagsúla le linn na bliana mar a leanas:

- Stiúrthóir Seirbhísí
- Ceannasaí agus Leas-Ceannasaí ar Chórais Faisnéise / Teicneolaíochta
- Ceannasaí Airgeadais
- Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin
- Cuntasóir Airgeadais/Bainistíochta/Gairmiúil
- Oifigeach Dóiteáin
- Innealtóir
- Ailtire
- Pleanálaí
- Suirbhéir
- Luachálaí
- Díodóir
- Leabharlannaí
- Eolaí
- Stiúrthóir Páirceanna
- Oifigeach Oidhreacht

Le linn na bliana mheall an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí réimsí iarrthóirí ardchaighdeán chun poist a líonadh ag leibhéal Bainisteora Contae san ceantair seo a leanas:

- Comhairle Contae Ros Comáin
- Comhairle Contae Chill Mhantáin

Treocht a bhí ann le blianta beaga anuas ná an bhaint a bhí an eagraíocht le linn 2007 le hearcaíocht ball foirne cléireachais d'údarás áitiúla éagsúla ar fud na tíre. Léirigh aiseolas ó earnáil na n-údarás áitiúla go raibh an réimse gníomhaíochta

seo ina thairbhe ar leith acu ina n-iarrachtaí líon mór iarrthóirí a phróiseáil ar bhealach gairmiúil.

Le linn na bliana bhain na húdaráis seo a leanas úsáid as seirbhísí na hoifige agus iad ag earcú foirne cléireachais:

- Comhairle Contae Chiarraí
- Comhairle Catrach Phort Láirge
- Comhairle Contae Dhún na nGall

An Earnáil Sláinte

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ina chliant tábhachtach go fóill ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Lean an socrú a rinneadh cheana le FSS inár ceapadh bainisteoir sinsearach ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le comhairle a thabhairt ar gach gné a bhain le hearcaíocht agus roghnúchán agus Gairm-Shíceolaí ar iasacht chun comhairle agus seirbhísí gairmiúla a sholathar ar bhonn náisiúnta, i 2008. Bhí an socrú comhoibrítheach seo ina thairbhe mhór agus táthar ag dréim go leanfaidh sé ar aghaidh go ceann tamaill eile.

Le linn na bliana bhí baint ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le hearcaíocht feidhmeannach sinsearach do phoist i FSS. I measc na bpost tábhachtacha seo atá lárnach ó thaobh rath Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa todhchaí tá:

- Stiúrthóir Náisiúnta na nAcmhainní Daonna
- Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide
- Bainisteoir Ginearálta (Airgeadas)
- Bainisteoir Eastát
- Cuntasóir Bainistíochta Ceantair
- Príomh-Chomhairleoir Ailtireachta

In éineacht leis na poist riaracháin shinsearachta seo, lean an eagraíocht ar aghaidh ag earcú pearsanra leighis agus paraimhíochaine ar ardchaighdeán d'ospidéal agus do shaoráidí leighis ar fud na tíre. Ina measc bhí:

- 24 Comhairleach Ospidéal
- 4 Dhochtúir Oifigiúil
- 21 Síceolaí
- 16 Stiúrthóir / Stiúrthóir Cúnta Altranais
- 3 Chógaiseoir
- 8 bhFisiceoir
- 2 Bhithcheimiceoir
- 1 Oifigeach Sláinte Comhshaoil
- 1 Speisialtóir san Ortadóntaic
- 1 Radharc-Lia Pobail
- 2 Phríomh-Eolaí Leighis
- 1 Chomhairleoir Teiripe

Seirbhísí Comhairleacha agus Tástála sa Bhreis

Soláthraíodh réimse seirbhísí comhairliúcháin agus tástála do chomhlachtaí seirbhíse poiblí i 2008. Ina measc bhí:

- ◇ Cuidiú leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i bhfeachtas do Eolaí Fóirínseach. D'aontaigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tástálacha a sholáthar agus a riar don fheachtas seo
- ◇ Cabhair d'Údarás Aerphort Bhaile Átha Cliath maidir le tástálacha ar lucht múchta dóiteáin
- ◇ Próiseáladh os cionn 1,200 iarratas agus rinneadh agallaimh do phoist éagsúla san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
- ◇ Próiseáladh os cionn 1,700 iarratas ar phoist mar altráí foghlama 'lánfhásta' ar son an Lárionaid um Ghairmeacha Altranais
- ◇ Thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comhairle agus cabhair mar a hiarradh d'fhorais san earnáil phoiblí a dhéanann a n-earcaíocht féin, chomh maith le hOiliúint Agallaimh agus áiseanna agallaimh.

Seirbhís a Fhorbairt in Earcaíocht Feidhmeannach

Thosaigh an próiseas maidir le feidhmeannas taighde ar leith a bhunú chun tacaíocht a thabhairt d'fheachtais Earcaíochta Feidhmeannach Sinsearach sa bhliain 2008 agus bhí roinnt tionscadal ag tosú lena n-áirítear:

- forbairt agus bainistíocht ar bhunachar sonraí
- eagraíochtaí próifílithe agus mapála
- staidéar a dhéanamh ar oiriúnacht, treoir a thabhairt ar innill chuardaigh chuí ar líne, uirlisí líonraithe agus taighde
- suirbhé a dhéanamh ar ghníomhaíocht agus treocht maidir le fógraíocht d'fheidhmeannaigh shinsearacha in Éirinn.

Lean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh le ceistneoirí pearsantachta agus le próifíliú iarrthóirí a chur i bhfeidhm sna feachtais a bhaineann le hearcaíocht d'fheidhmeannaigh sinsearacha. Bhí na boird roghnúcháin an-sásta leis an luach sa bhreis a chuireann na próifílí leis an bpróiseas. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó iarrthóirí freisin. Thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí isteach saoráid chostéifeachtach ar líne chun na ceistneoirí pearsantachta a riar agus a bhainistiú.

Uirlisí agus Modhanna Roghnúcháin a Fhorbairt

Ta an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun tosaigh maidir le modhanna nua a úsáid le hiarrthóirí a mheas do phoist sa tSeirbhís Phoiblí agus úsáid a bhaint astu chun feabhas a chur ar an bpróiseas earcaíochta. Ghlac an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le timthriall feabhsaithe leanúnach maidir le modhanna measúnaithe agus tá sé mar aidhm acu leabharlann chuimsitheach de thástálacha a fhorbairt a thacóidh le clár earcaíochta atá an-solúbtha. Dá bharr sin tharla forbairtí sna réimsí seo sa bhliain 2008: tástáil leictreonach, athbhreithnithe ar fheachtais, forbairt tástála agus banc sonraí na n-earraí tástála.

Straitéis um Ríomhthástáil

Tá athbhreithniú agus uasghrádú an chórais tástála reatha atá bunaithe ar ríomhairí críochnaithe anois. Cuireadh tús leis an chóras leasaithe i lár mhí Lúnasa.

Rinneadh cul chun cinn ar bhanc sonraí d'ábhar tástála nua ag leibhéal an Oifigigh Chléireachais agus an Oifigigh Fheidhmiúcháin a fhorbairt, as ar tháinig roinnt tástálacha nua. Cuireadh tionscadal ar bun leis na tástálacha nua seo a chur ar ár n-ardán tástála reatha atá bunaithe ar ríomhaire agus táthar ag súil go gcríochnófar é i 2009.

Cuireadh tús le plé maidir le hardán ríomhthástála nua a fhorbairt a chuirfeadh ar ár gcumas tástáil bunaithe ar ríomhaire sna réigiúin, féin-mheasúnú bunaithe ar ríomhaire agus tástálacha roghnúcháin ar líne a sholáthar do dhaoine sabhaile nó in ionaid oiriúnacha eile.

Athbhreithnithe Feachtais agus Forbairt Tástála

Cuireadh tús le samhail nua measúnachta d'fheachtas an Phríomhoifigigh i 2007. Baineadh úsáid as cuid den chur chuige a úsáidtear in ionad measúnaithe. De bharr gurb é an chéad uair ar baineadh úsáid as cleachtaí den chineál seo ag leibhéal sinsearach, rinneadh athbhreithniú ar an chur chuige i 2008. San áireamh san athbhreithniú bhí comhairliúchán le baill an bhoird a bhí páirteach sa phróiseas, athbhreithniú cuimsitheach ar aiseolas na n-iarrthóirí ag gach staid agus athbhreithniú ar phróifílí na n-iarrthóirí, a scrúdaigh nithe ar nós aois, gnéas agus cuntas gairme. Mhol an t-athbhreithniú gur chóir an samhail nua a chur i bhfeidhm i bhfeachtais sa todhchaí agus rinneadh forbairt ar ábhar tástála nua le tacaíocht a thabhairt dó sin i 2008.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar an phróiseas measúnachta don Oifigeach

Príosúin faoi Oiliúint agus leasaíodh na hinniúlachtaí. Ceapadh cleachtaí nua do ghrúpaí in ionad na gcinn ata in úsáid faoi láthair agus rinneadh ceithre chleachtadh nua bunaithe ar fhíseáin le áit na gcleachtaí scríofa reatha a ghlacadh.

Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal um fhorbairt tástála i 2008.

Ceapadh agus baineadh triail as Cleachtadh Breithiúnais Suíomhbhunaithe nua agus Cleachtadh Anailíse Criticiúla a bhí bunaithe ar Anailís an Phoist mar Stiúrtóir Seirbhísí. Baineadh triail as roinnt tástálacha, a ceapadh i 2007, d'Oifigeach Cléireachais agus d'Oifigeach Feidhmiúcháin i 2008 agus tugadh isteach na tástálacha nua d'Oifigeach Cléireachais. Ceapadh cleachtadh nua grúpa agus scríofa d'fheachtas an Treas Rúnaí agus fuarthas tástálacha nua d'earcaíocht an Gharda faoi Oiliúint. Forbraíodh córas scórála chun scóráil uathoibríthe a dhéanamh.

Dílárú – An Lárshaoráid Iarratas

Le linn na bliana lean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh ag tabhairt cabhrach don Roinn Airgeadais maidir le hiarratais ar dhílárú a bhailiú faoin chlár díláraithe. Mar gheall ar thuarascálacha agus staitisticí a cruthaíodh, bhí an oifig in ann a chinntiú go raibh ranna agus oifigí aonair in ann a gcláir díláraithe féin a chur chun cinn go héifeachtach.

Monatóireacht a dhéanamh ar ár Seirbhís do Chustaiméirí

Forbairt agus Cur i bhFeidhm Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2008-2010

Cuireadh tús lenár bPlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí do 2008-2010 i 2008. Forbraíodh ár bPlean Gníomhaíochta agus ár gCairt nua bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó bhaill foirne agus ó chustaiméirí (trí shuirbhéanna, ceardlanna, painéil na gcustaiméirí agus cartaí tráchta). Shínigh an Coiste Comhpháirtíochta agus Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí an Plean Gníomhaíochta agus an Chairt. Aistríodh ár gCairt Chustaiméara go ocht dteanga sa bhreis agus tá sí ar fáil in ár n-oifig agus ar publicjobs.ie.

Aithnítear an tábhacht atá i gcinntiú go bhfuil gach ball foirne ar aon eolas go hiomlán faoinár gcaighdeáin seirbhíse agus an tábhacht a bhaineann leis na caighdeáin seo a bhaint amach. Tionóladh cruinnithe faisnéise faoin réimse seo do gach ball foirne nua mar chuid d'ár gClár Ionductaithe Corparáideach agus tionóladh cruinnithe faisnéise do gach ball foirne faoi na doiciméid seo agus faoi na caighdeáin seirbhíse nua atá iontu. Cuireadh ábhar an Phlean Gníomhaíochta agus na Cairte chun cinn ag cruinnithe inmheánacha an ghréasáin agus in ár n-iris foirne. Tugadh deis go gach ball foirne freastal ar chúrsaí seirbhíse éagsúla do chustaiméirí i 2008.

Ó thús na bliana 2005 tá clár cuimsitheach measúnachta i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar ár gcaighdeáin seirbhíse éagsúla a fhoilsítear in ár bplean gníomhaíochta do chustaiméirí. Le linn 2008 eisíodh suirbhéanna cuimsitheacha seachtracha agus ar líne d'iarrthóirí agus do bhaill na mbord roghnúcháin.

▪ **Suirbhé na nIarrthóirí**

Le linn na bliana chomhlíon 6,345 iarrthóir suirbhé d'iarrthóirí faoi leibhéal na seirbhíse a chuir an oifig ar fáil dóibh. Léirigh an t-aiseolas ón suirbhé ardleibhéal sástachta le publicjobs.ie agus leis an tslí

ar phléigh baill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí le hiarrthóirí.

▪ **Suirbhé Iarrthóra an Gharda faoi Oiliúint**

Rinne aonad an Gharda faoi Oiliúint suirbhé le roinnt iarrthóirí a rinne iarratas roimhe seo ar an chomórtas seo. Cuireadh ríomhphost chuig 4,793 duine agus chomhlíon 1,400 duine an suirbhé. San áireamh sa suirbhé bhí an próiseas iarratais, an t-agallamh, scrúdú scríofa agus cuid den chlár oiliúna a bhfuil cuid de na hiarrthóirí faoi réir aige. Bhí toradh an-dearfach ar an suirbhé.

▪ **Suirbhé Chomhaltaí an Bhoird Agallaimh**

Tá an grúpa daoine a fheidhmíonn mar chomhaltaí ar na boird agallaimh an-tábhachtach maidir leis an chabhair a thugann siad don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i seachadadh a seirbhísí. Sa bhliain 2008 léirigh torthaí suirbhé ar líne an ghrúpa seo sástacht shuntasach leis an tseirbhís a sholáthraigh foireann na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus shonraigh 100% díobh go raibh an tseirbhís maith nó sár-mhaith.

▪ **Nótaí Tráichta na gCustaiméirí**

Sa bhliain 2008 scrúdaigh muid na nótaí tráichta ar fad a comhlíonadh agus chuir muid moltaí ar aghaidh chuig na rannóga cuí chun iad a phlé.

Sa mhéid is go n-aithnítear nach dtagann toradh ann féin ó shuirbhéanna, ó phainéil agus ó mhonatóireacht leanúnach, chuir an eagraíocht plean gníomhaíochta i bhfeidhm i 2008 chun tabhairt faoi cheisteanna a tháinig chun cinn sna suirbhéanna éagsúla.

Seo thíos cuid de na forbairtí a cuireadh i bhfeidhm i 2008 de bharr aiseolais ó chustaiméirí:

Iarrthóirí

- ◇ Córas aiseolais uathoibríthe (a ceapadh d'fheachtas an Gharda faoi Oiliúint i 2008 agus a bhfuil sé beartaithe a úsáid d'fheachtais níos mó)
- ◇ Clár Bainistíochta um Chaidreamh le hiarrthóirí (féach Ich. 21)

Comhaltaí Boird

- ◇ Paca Treoirínte Ionadaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Áiseanna

- ◇ Bunaíodh Coiste Bialainne
- ◇ Próiseas feabhsaithe an Aonaid Airgeadais i dtaca le híocaíochtaí

Seirbhís Teileafóin

- ◇ Lasc-chlár sa bhreis (agus baill foirne sa bhreis) curtha i bhfeidhm.



SPRIOC 2 BAINISTÍOCHT AN CHAIDRIMH DÍRITHE AR AN IARRTHÓIR

Bainistíocht an Chaidrimh Dirithe ar an Iarrthóir

Rud an-luachmhar is ea é a bheith in ann teacht ar iarrthóirí atá ar ardchaighdeán agus ní mór é sin a chothú. Tuigimid go bhfuil gá le bainistiú gairmiúil a dhéanamh ar an gcaidreamh straitéiseach luachmhar seo. Tá tús curtha againn le tionscnaimh nua agus rinneamar forbairt ar ár gcuid córas agus seirbhísí le go mbeadh teacht ag iarrthóirí ar fhaisnéis den scoth agus le go mbeadh teagmháil phearsanta acu chun iad a spreagadh le tabhairt faoi ghairm bheatha leis an tseirbhís phoiblí.

Publicjobs.ie - a fhorbairt

Cuireadh clár rialtais leictreonaigh (eGovernment) na hoifige chun cinn go mór i rith na bliana. Rinneadh dul chun cinn leis an gclár Roghnúcháin, Tástála, Measúnaithe agus Earcaíochta (STAR) agus cuireadh tús le Tástáil Ghlacthachta Úsáideoirí i mí na Nollag. Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo ná seirbhísí a fhorbairt do chustaiméirí agus don fhoireann tríd an láithreán gréasáin publicjobs.ie.

Tugadh faoin bhfógraíocht ar bhealach athbheithnithe agus muid ag druidim le deireadh na bliana 2008 nuair a laghdaíodh go mór líon na bhfógrán a d'fhoilsítí sna nuachtáin. Ina ionad sin tugtar ar iarratasóirí féachaint ar publicjobs.ie. Spáráladh go leor airgid leis an gcur chuige sin agus ní dhearna sé aon difear do líon ná do chaighdeán na n-iarratas a fhaightear.

Faoi dheireadh 2008 bhí breis is 240,000 duine cláraithe le publicjobs.ie. Chláraigh breis is 44,000 díobh sin i rith 2008. Baineadh úsáid as publicjobs.ie chun fógraíocht a dhéanamh ar 600 feachtas; beagnach 200 ceann díobh sin ba chomhlachtaí eile na hearnála poiblí a bhí á reáchtáil agus an láithreán gréasáin againne á úsáid acu dá bhfeachtais earcaíochta.

Tionscnaimh Mhargaíochta

Thapaigh PAS roinnt deiseanna i rith na bliana chun margaíocht a dhéanamh i measc raon leathan daoine ar ghairmeacha leis an Státseirbhís agus leis an tSeirbhís Phoiblí. Bhí foireann na hoifige i láthair ag coláistí, ag aonaigh ghairmeacha agus ag scoileanna dara leibhéal agus tugadh an deis d'iarratasóirí ionchais saol oibre na seirbhíse poiblí a bhlaiseadh. Ar na tionscnaimh mhargaíochta eile tá:

CareersPortal.ie

Chuidigh PAS le Láithreán Gréasáin nua Gairmthreorach (CareersPortal.ie) a fhorbairt agus seoladh an láithreán sin i mí Aibreáin. Is iad aidhmeanna an láithreáin:

- Acmhainn uilechuimsitheach eolais ar ghairmeacha a chur ar fáil
- foinse uathúil eolais ar mhargadh an tsaothair agus ar an earnáil tionsclaíochta a chur ar fáil
- bheith ina chonair dhíreach chumarsáide do dhaoine atá ar thóir poist agus do chomhairleoirí agus a bheith ina ionad eolais ó earnálacha/eagraíochtaí ábhartha a choinnítear cothrom le dáta.

Cuirtear na staitisticí is cothroime le dáta agus is ábharthaí i dtaca le margadh an tsaothair i láthair faoi na hearnálacha tionsclaíochta, faoi ghairmeacha, faoi chúrsaí agus faoi dheiseanna margaíochta. Tá sé dírithe ar dhaoine gairmiúla, ar mhic léinn agus ar dhaoine atá ar thóir

gairmeacha. Cuirtear an t-eolas i láthair ar bhealach nuálach lena n-áirítear agallaimh idirghníomhacha, físeáin, mapaí earnála agus uirlisí féinmheasúnachta. Ar an láithreán tá teacht ar roinnt agallamh físe agus ar agallaimh le hoibrithe i ngráid éagsúla sa státseirbhís mar aon le heolas eile ar an earnáil phoiblí.

Cabhairlíne Coláiste *The Irish Times*

Rinne PAS comhurraíocht, leis an Irish Times, ar an gCabhairlíne Coláiste atá acu, rud a thug deis dúinn ár gcuid seirbhísí a chur i láthair líon mór mac léinn dara agus tríú leibhéal (agus a dtuismitheoirí). I gcomhpháirtíocht le hInstitiúid na nGairmchomhairleoirí, cuireadh an tseirbhís sin ar fáil do mhic léinn Ardeistiméireachta (agus dá dtuismitheoirí) sna laethanta sin tar éis torthaí na hArdeistiméireachta a fhógairt agus nuair a rinneadh an chéad bhabhta de thairiscintí CAO. Is éard a bhí ann ná uimhir shaorghlao (a bhí ar fáil ar feadh ceithre lá) agus foireann Gairmchomhairleoirí cáilithe ag freagairt na nglaoanna.

Comhdháil agus Searmannas Bronnta *Gradam Gradireland*

Tugann Gradaim Earcaíochta Céimithe Gradireland aitheantas d'earcóirí a earcaíonn céimithe. Caitheann fochéimithe i ngach coláiste tríú leibhéal in Éirinn (Thuaidh agus Theas) vóta. Bhuaigh PAS an gradam don earcóir céimithe is fearr i gcatagóir na hEarnála Poiblí agus bhí sé sa seachtú háit i measc an 100 Earcóir Céimithe do 2008 (bhí PAS sa naoú háit déag in 2007).

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tionscnaimh a bhaineann le Comhionannas agus Éagsúlacht

Rinneadh raon tionscnamh a bhaineann le comhionannas agus éagsúlacht a thabhairt isteach nó a chur chun cinn in 2008, lena n-áirítear:

- ◇ D'oibrigh PAS leis an Roinn Airgeadais agus le AHEAD le héascaíocht a dhéanamh do shocrúcháin oibre do dhaoine atá faoi mhíchumas i roinnt Oifigí/Ranna de chuid na Státseirbhíse
- ◇ I mí na Bealtaine rinneadh iniúchadh nua ar an teacht a bhíonn ag custaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu ar sheirbhísí na heagraíochta. Mar thoradh ar an iniúchadh sin cuireadh Plean Gnímh i bhfeidhm agus tá an Coiste Faire/Rochtana Comhionannais ag coinneáil súl air
- ◇ Bhí ceisteanna maidir leis an gcomhionannas agus leis an éagsúlacht i gcónaí ina ndlúthchuid den Chlár Treoshuímh Chorparáidigh
- ◇ Cuireadh Pleananna Pearsanta Éigeandála Éalaithe le chéile do gach ball foirne atá faoi mhíchumas i gcomhar leis an mball foirne sin
- ◇ Reáchtáladh Clár Oiliúna um Chomhionannas Míchumais do bhaill foirne; cuireadh an cúrsa sin le chéile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na hoifige ó lá go lá trí úsáid a bhaint as tascanna praiticiúla agus teoiriciúla. Thug sé aghaidh go sonrach ar riachtanais na mball foirne agus seirbhís ar ardchaighdeán á cur ar fáil d'iarrthóirí atá faoi mhíchumas. Thug an cúrsa aghaidh freisin ar úsáid phraiticiúil na teicneolaíochta measúnachta cúnta
- ◇ Reáchtáladh feachtais chun aird an phobail a tharraingt le linn Sheachtain an Idirchultúrachais agus an Fhrithchiníochais, le linn na seachtaine 'Say No to Ageism' agus ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine atá faoi Mhíchumas
- ◇ Cothaíodh ról an Oifigigh Idirchaidrimh Míchumais (DLO) i rith na bliana agus reáchtáladh cruinnithe le gach ball foirne atá faoi mhíchumas.

Monatóireacht

Bhuail an Coiste Faire/Rochtana Comhionannais le chéile i rith na bliana chun monatóireacht a dhéanamh ar a mhéid is a chloítear le ceanglais an Achta Míchumais, lenár mBeartas féin um an gComhionannas agus an Éagsúlacht agus leis an gCód Cleachtais um Dhaoine atá faoi Mhíchumas a Fhostú. Cuireadh tuairiscí faoi chomhlíonadh cheanglais an Achta Míchumais agus cheanglais an Bheartais um an gComhionannas agus an Éagsúlacht faoi bhráid an choiste, agus go dtí seo cloíodh le gach gné den dá cheann acu sin. Ní bhfuarthas aon ghearáin ná ceisteanna i dtaca le cúrsaí rochtana go dtí seo. Foilsíodh gach foilseachán i bhformáid inrochtana mar a éilíodh.

An Clár Bainistíochta Caidrimh le hlarrthóirí

Cuireadh an Clár Bainistíochta Caidrimh le hlarrthóirí le chéile chun feabhas a chur ar na háiseanna atá ar fáil d'iarrthóirí agus don gcaideamh a dhéantar leo. Ar na réimsí tosaíochta a cuireadh chun cinn bhí clár caidrimh le hlarrthóirí nár tháinig chuig tástáil/agallamh/socrúchán le fáil amach cén chúis a bhí leis sin; cuireadh suirbhéanna ar líne le chéile chun éascaíocht a dhéanamh don phróiseas sin agus eiseofar na suirbhéanna go luath in 2009. Tionscnamh tosaíochta eile ba ea tástálacha féinmheasúnachta a fhorbairt a mbeidh teacht orthu trí publicjobs.ie. Tabharfaidh sé sin deis d'iarrthóirí tástálacha samplacha a dhéanamh ar líne agus tabharfar aiseolas dóibh maidir leis an gcaoi ar éirigh leo mar aon le comhairle faoi roghanna atá ar fáil dóibh. Tabharfaidh an t-aiseolas sin léargas maith dóibh ar an gcaoi a n-éireodh leo sna

tástálacha iarbhíre. Déanfar an cur chuige sin a thástáil le tástálacha ar leibhéal Cléirigh agus, ag brath ar an toradh, cuirfear i bhfeidhm ar thástálacha ar leibhéal céimí agus ar leibhéil eile ina dhiaidh sin iad.

Comhlíonadh Teangacha Oifigiúla

Tá socruithe déanta ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun a cuid seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge, faoi mar a aontaíodh sa scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iniúchadh ar sheirbhísí na hoifige i rith na bliana, iniúchadh ar éirigh thar barr leis. Cuireadh dara scéim na hoifige le chéile agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta í lena faomhadh.


De réir ár Scéime féin, rinneamar gach foilseachán agus póstaer a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. Choinníomar liosta de na baill foirne sin atá in ann seirbhís a chur ar fáil don phobal as Gaeilge agus as Béarla.

Mar chuid den Chlár Treoshuímh Chorparáidigh bhí modúl ann a leagadh amach chun aird na foirne a tharraingt ar na freagrachtaí atá orainn faoin reachtaíocht sin agus chun an scéim a chur chun cinn ina measc.

Ag Searmanas Bronnta Gradam a reáchtáil Lá Nua, i gcomhar le Foras na Gaeilge, bronnadh gradam ar PAS as a bheith i measc an chaoga cuideachta/duine ab fhéarr ó thaobh gnó a dhéanamh as Gaeilge.

SPRIOC 3

Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil



Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

Tuigeann PAS go gcaitear a bheith céim chun tosaigh ar fhorbairtí i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin, go gcaitear a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh dea-chleachtais agus go gcaitear ár gcuid saineolais a roinnt le cliant agus le páirtithe leasmhara eile.

An Painéal um Chomhairle Taighde

Chuir PAS tús le Painéal um Chomhairle Taighde in 2005 chun cuidiú le cúrsaí roghnúcháin, measúnachta agus forbartha sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn trí phlé agus díospóireacht a chothú i dtaca le ceisteanna a bhaineann le heagraíochta seirbhíse poiblí agus le cleachtóirí Acmhainní Daonna trí chéile. Bainisteoirí sinsearach Acmhainní Daonna agus saineolaithe ó ar fud na Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí, eagraíochtaí acadúla agus na hearnála príobháidí atá ar an bpainéal sin.

Cuireadh dhá thionscadal taighde chun cinn i rith na bliana:

- *Iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh ó earnálacha eile chuig poist ar leibhéal shinsearach leis an Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí; agus*
- *Iniúchadh ar an gcaoi a bhforbraíonn Státseirbhísigh/Seirbhísigh Phoiblí na scileanna agus na cumais a bhfuil gá leo chun post Sinsearach Bainistíochta a bhaint amach.*

Táthar chun an Tuairisc Dheiridh ar ‘*Selection, Skills Development and Mobility of Senior Managers across the Public Service*’ (a chlúdaíonn torthaí ón dá réimse taighde) a fhoilsiú in 2009.

Sárchleachtas maidir le Seimineáir Roghnúcháin

D’éagraigh PAS seimineár i mí Aibreáin (arb é sin an tríú ceann díobh) dar teideal ‘*A best practice approach to the management of promotion systems*’. Bhí cainteoirí inmhéanacha agus seachtracha araon ann agus fuarthas aiseolas an-

dearfach ó dhaoine a bhí i láthair. Tá na seimineáir sin dírithe ar dhaoine atá ag obair i réimse na hearcaíochta/Acmhainní Daonna i Ranna Státseirbhíse agus in eagraíochtaí na hEarnála Poiblí agus tá siad spriocdhírithe ar dhaoine a bhfuil ról meánach go sinsearach bainistíochta acu.

Líonra na hÉagsúlachta

Is éard atá i Líonra na hÉagsúlachta, a bhunaigh PAS in 2007, ná grúpa fostóirí Éireannacha a bhfuil spéis acu san éagsúlacht agus ina gcuid córas earcaíochta agus roghnúcháin a fhorbairt le cinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an dea-chleachtas. Tháinig an Líonra le chéile ceithre bhabhta in 2008. Ag na cruinnithe pléadh réimsí cosúil le daoine atá faoi mhíchumas a earcú; daoine ó phobal na dTaistealaithe a earcú agus a fhostú; agus scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le próisis chothroma roghnúcháin a chinntiú do dhaoine a bhaineann le mionghrúpaí eitneacha agus d’iarratasóirí de gach aois.

Rinne an Líonra maoirseacht ar thionscadal taighde a rinne iniúchadh ar na saincheisteanna agus ar na dúshláin a bhaineann le daoine ó mhionghrúpaí eitneacha a fhostú. Foilseofar tuarascáil deiridh ar an tionscadal sin go luath in 2009.

Reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Líonra Éagsúlachta na bhFostóirí Comhdháil Idirnáisiúnta um an Éagsúlacht dar teideal ‘*The Talent Spectrum: Managing Across the Boundaries*’ i gCaisleán Chluain Tarbh an 11 Meán Fómhair.

D'fhreastail thart ar 130 toscaire ó na hearnálacha príobháideacha agus poiblí ar an gcomhdháil a bhí faoi shainchathaoirleacht an Uas. Fergus Finlay, Príomhfheidhmeannach Barnardos. Bhain gné shuntasach idirnáisiúnta leis an gcomhdháil agus bhí toscairí ann ón mBeilg, ón gCipir, ó Phoblacht na Seice agus ón Eastóin.

Ar na daoine a labhair bhí:

- An tOllamh Philip O'Connell, Ollamh Taighde leis an bhForas Taighde Eacnamaíochta agus Shóisialta
- An tUas. Donald Lemaire, Leas-Uachtarán, An Brainse Seirbhísí Measúnachta agus Foirne de chuid Choimisiún Seirbhísí Poiblí Ceanada
- Dr Patricia Vendramin, Stiúrthóir Taighde ón Ionad Taighde Oibre agus Teicneolaíochta de chuid *Foundation Travail* – Ollscoil sa Bheilg
- Ms. Cecilia Ronan, Stiúrthóir Acmhainní Daonna Citi
- An tUas. Tony Tyrell, Comhairleoirí Sóisialta agus Eacnamaíochta WRC
- Ms. Josephine Feehily, Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim

Toscaireachtaí ar cuairt

I rith na bliana lean an oifig uirthi ag cur fáilte roimh eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhí ag iarraidh cuairt a thabhairt ar ár gcuid áiseanna agus tuilleadh eolais a fháil ar an gcur chuige atá againn maidir le hearcaíocht agus roghnúchán. Cuireadh fáilte fhiail roimh thoscaireachtaí ó:

- ◇ Coimisiún Foirne Rialtais Áitiúil do Thuaisceart Éireann
- ◇ An Téalainn
- ◇ An Rómáin
- ◇ An Úcráin

Cuireadh fáilte roimh mhic léinn taighde ó Sheirbhís Phoiblí na Beilge agus na Seirbia in 2008 freisin.

Tagarmharcáil Idirnáisiúnta

Aithníonn PAC go gcaitear feidhmiú de réir slat tomhais a thomhaiseann eagraíochtaí eile a aithnítear a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh earcaíochta agus roghnúcháin de. Trí fhoghlaim ó eagraíochtaí eile, is féidir clár feabhsúcháin leanúnaigh a chur i bhfeidhm san oifig. I rith 208 rinneadh an-dul chun cinn le próiseas na slat tomhais sin nuair a rinne baill na hoifige teagmháil fhoirmiúil le comhghleacaithe sna háiteanna seo a leanas:

- Tuaisceart Éireann
- An Ríocht Aontaithe
- An Bheilg
- Ceanada

Saineolaí Náisiúnta leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO)

Lean an tSeibhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh ag cur Saineolaí Náisiúnta ar fáil le hoibriú le EPSO sa Bhruiséil. Cé gur infheistíocht nach beag atá ann thar ceann an Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, aithníonn sé an tábhacht mhór a bhaineann le deimhin a dhéanamh de go bhfuil ionadaíocht mhaith ag Éirinn san Aontas Eorpach sa Bhruiséil.

Thionóil PAS cruinniú na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO) de chuid Líonra na Saineolaithe Earcaíochta san Earnáil Phoiblí ó gach ballstát an 12 Meán Fómhair i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Príomhláithreoirí ag Comhdhálacha Náisiúnta/Idirnáisiúnta

Lean an oifig ar aghaidh ag scaipeadh torthaí taighde agus saineolais áirithe earcaíochta ag comhdhálacha éagsúla.

I mí Eanáir, rinne ball den fhoireann bhainistíochta cur i láthair d'fhoireann EPSO agus do Líonra EPSO (Oifigigh Eorpacha ó Eagraíochtaí Earcaíochta na

Seirbhíse Poiblí) chun iad a thabhairt cothrom le dáta faoin gclár athrúcháin in PAS agus faoin athrú chuig an múnla nua earcaíochta don tSeirbhís Phoiblí.

I mí Feabhra, tionóil an Rannán um Shíceolaíocht Oibre agus Eagraíochta seimineár dar teideal *'Recruitment and Selection: Implementing New Approaches'*, agus ba é ball PAS a bhí ina bhun. Dhírigh an seimineár ar obair PAS, ar na huirlisí a úsáidtear don earcaíocht (lena n-áirítear samhaltuithe réalaíochta poist cosúil le tascanna breithiúnais suímh agus tástálacha físeánbhunaithe); agus ar chás-staidéar ar úsáid an Idirlín chun tástáil a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas.

D'fhreastail CEO PAS ar 'Profession in Perspective' – cruinniú idirnáisiúnta de chinn na n-eagraíochtaí/na gcoimisiún earcaíochta seirbhíse poiblí – i gcathair Quebec i mí Lúnasa. Reáchtáiltear an cruinniú sin gach dara bliain agus is deis é

chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna coitianta maidir le daoine oilte a mhealladh, cúrsaí forbartha agus íomhá na seirbhíse poiblí. Tá an ócáid le bheith ar siúl in Éirinn in 2010

D'iarr Cumann Náisiúnta Riaracháin na Rómáine ar Cheann na nGnóthaí Corparáideacha labhairt ag an gcomhdháil idirnáisiúnta ar acmhainní daonna a reáchtáil siad in Bucharest sa Rómáin i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh an chomhdháil (agus na cruinnithe a reáchtáladh ina dhiaidh) ar bun chun tús a chur le plé ar athchóiriú acmhainní daonna agus chun coincheap na hearcaíochta gréasánbhunaithe a sheoladh. Tá súil ag oifigigh na Rómáine go gcuirfidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comhairle leanúnach ar fáil dóibh agus iad ag forbairt a gcuir chuige maidir le hearcaíocht ghréasánbhunaithe.

A large, abstract teal graphic with a white lightning bolt shape on the left side, serving as a background for the title.

Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Aithníonn PAS tábhacht chriticiúil fhorbartha agus chothabhála na Teicneolaíochta Faisnéise ar féidir léi tacú le gnó na hoifige agus le reáchtáil éifeachtach mhórghnó earcaíochta. Déanadh a lán dul chun cinn i réimse ICT i 2008, ar a n-áirítear:

- ◇ Cur i bhfeidhm ar réiteach fíorúilte fhreastalaí le líon na bhfreastalaithe a ndéanaimid bainistiú orthu a laghdú agus le tacú le straitéis ICT atá níos 'glaise'
- ◇ Teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach le cosaint a dhéanamh ar iomláine na sonraí atá againn agus cosc a chur lena leithéid de sonraí a chailliúint (m.sh. criptiú tiomántáin chrua agus rialú lárnach ar rochtain neamhúdraithe ar ghréasáin ag méaróga usb)
- ◇ Nuatheicneolaíocht comhadchartlannaithe a thabhairt isteach le laghdú a dhéanamh ar ár riachtanais stórála sonraí agus a thioctadh le straitéis chomhaontaithe chartlannaithe trí aon réiteach amháin a úsáid do r-phost agus do chomhaid sonraí líonra araon
- ◇ Comhuirlis fhardail cheadúnaithe do chrua-earraí agus do bhogearraí a thabhairt isteach le cur ar ár gcumas rianú níos fearr a dhéanamh ar ár sócmhainní cruu-earraí agus bogearraí agus le géilliúlacht a chinntiú
- ◇ Tá soláthar físeán ar publicjobs.ie tar éis feabhas a chur ar eispéireas an úsáideóra
- ◇ Tairseach Bhord PAS a fhorbairt. Coimeádann an Tairseach an fhaisnéis go léir atá de dhíth ar Bhord PAS i lárionad amháin; is féidir le baill an bhoird rochtain a fháil ar an bhfaisnéis chruinn, suas chun dáta seo as láithreán; éascaíonn an Tairseach cruinnithe boird gan pháipéar trí cheadú do bhaill an bhoird logáil isteach gan sreang agus na cáipéisí a fheiceáil ar ríomhairí glúine; déanadh an tairseach a fhorbairt ag úsáid na dticneolaíochtaí atá san oifig.

Chuir TF teagmhais ardaithe feasachta ar siúl don fhoireann freisin maidir le ceisteanna a bhaineann le tuiscint ar shlándáil TF.

Dea-Chleachtas Acmhainní Daonna agus Tacaíocht don Fhoireann go léir

Comhpháirtíocht

Is tríd an samhaltán Comhpháirtíochta a thagann an cur chuige maidir le cinnteoireacht, fostú fostaithe agus cumarsáid san Oifig. Déanadh athbhreithniú ar bhallaíocht na Comhpháirtíochta i rith na bliana lena chinntiú go mbeadh ionadaíocht chuí ag gach grád agus réimse; tháinig ann do bhaill nua dá bharr sin. Lena chinntiú go leanann an Chomhpháirtíocht ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach, cuireadh Oiliúint Chomhpháirtíochta ar siúl do na baill go léir i 2008. D'aontaigh an Coiste ar Phlean Gníomhaíochta Comhpháirtíochta agus cuireadh i bhfeidhm go hiomlán i rith na bliana é.

Oiliúint agus Forbairt

Leanamar lenár d'tiomantas d'oiliúint, d'fhorbairt bhreise ar shaineolas foirne agus d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil. I gcoilár na fealsúnachta oiliúna san eagraíocht tá an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go ndéantar ionduchtú ceart ar bhaill nua foirne san eagraíocht. Tá an Clár Ionduchtaithe Chorparáideach, a ndeachaigh gach ball nua foirne san eagraíocht tríd i 2008, leagtha amach lena chinntiú gur féidir le hiontrálaithe nua dul i dtáthí go tapa agus a bheith ar a suaimhneas ina dtimpeallacht oibre agus i dtimpeallacht earcaíochta na hearnála poiblí.

Faomhadh an Phlean Foghlama agus Forbartha don eagraíocht tríd an gComhpháirtíocht. Seo a leanas roinnt de na príomh-idirghabhálacha oiliúna a soláthraíodh i 2008:

- Scileanna Teileafóin Seirbhíse do Chustaiméirí
- Tástáil Chomhionannais do dhaoine faoi Mhíchumas
- Feasacht ar Ilchineálacht

- Feasacht ar Bhulaíocht agus ar Chiapadh
- Réimse oiliúna a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht
- Bainistíocht Tionscadail
- Bainistíú Buiséad agus Acmhainní
- Bainistíocht Ama
- Scileanna Láithreoireachta
- Scríobh Litreach
- Miontuairiscí a Ghlacadh
- Scileanna Maoirseachta Bainistíochta
- Clár Forbartha Bainisteora Earcaíochta
- Uirlisí Earcaíochta agus Roghnaithe agus Feasacht ar Chóid Chleachtais CPSA
- Oiliúint Feidhmeannach
- Scríobhaí Nótaí PAS
- Éascú Tástála
- Réimse oiliúna a bhaineann le TF (m.sh. word, excel)
- Neartú na Foirne

Tugadh tacaíocht do sheachtar ball foirne maidir le cáilíochtaí gairmiúla/oideachais a bhaint amach tríd an scéim aisíocaíochta táillí. Ina theannta sin, spreagadh an fhoireann le fanacht suas chun dáta le forbairtí reatha ina réimse gairmiúil trí bhallaíocht a bheith acu i gcomhlachtaí gairmiúla agus le foilseacháin iomchuí.

Seoladh Córas Measúnaithe Oiliúna ar líne i mí Eanáir 2008 mar chuid den *Ionad nua Acmhainní Oiliúna don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí* ar líne ar a n-áirítear freisin Córas Soláthair Oiliúna ar líne. Déanadh athbhreithniú maidir le tionchar tionscnamh oiliúna agus forbartha ar fheidhmíocht eagraíochta agus ar fhorbairt inniúlachta. Is é a bhí i gceist anseo tuarascálacha a scrúdú ón gcóras measúnaithe oiliúna ar líne maidir le feabhsúcháin a d'aithin ball den fhoireann agus a b(h)ainisteoir araon ar inniúlacht an bhaill foirne i ndiaidh chorrthréimhse oiliúna.

Clár Folláine

Ag teacht le polasaí na hoifige maidir le cur nuair is féidir é le ceisteanna a bhaineann le cáilíocht beatha na foirne, chríochnaíomar ceann eile dár sraith de Chláir Fholláine i rith 2008. Ar an gclár seo áiríodh:

- ◇ Seisiún eolais ó Dhiaitéiteach agus seisiún feasachta ar Dhiaibéiteas
- ◇ Eolas ar bhia sláintiúil ar an líonra inmheánach le spreagadh a thabhairt don fhoireann nósanna itheacháin sláintiúla a bheith acu agus roinnt eolais a thabhairt dóibh maidir le conas bricfeasta agus lón sláintiúil a ullmhú
- ◇ Seisiún ar ár bPolasaí nua ar Thimpeallacht Sláintiúil Oibre mar chuid dár gClár Ionduchtaithe Chorparáideach
- ◇ Oiliúint do bhainisteoirí/foireann i ndéanamh seiceálacha eirgeanamaíocha ar na stáisiúin oibre ina gceantar
- ◇ Réimse Seisiún Eolais Airgeadais don fhoireann ar a raibh: Comhar Creidmheasa, Uacht a Dhéanamh agus ar Bhainistiú do chuid Airgid
- ◇ Dúshlán Siúlóide le Seachtain Croí na hÉireann a chur chun cinn
- ◇ Foras Croí na hÉireann agus Scrúduithe Sláinte Diaibéiteas

Bainistíocht Feidhmíochta

Leanadh i 2008 le cur i bhfeidhm agus le comhtháthú leanúnach ar CBFF (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta) i ngnó na hOifige. Soláthraíodh oiliúint don fhoireann ar fad ar mheasúnuithe éifeachtacha agus cothroma agus bhí an t-aiseolas ón bhfoireann ar an oiliúint seo an-dearfach. Cuireadh Foireann Bailmheasa CBFF (foireann ó leibhéal agus ó réimsí éagsúla den eagraíocht) ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an phróisis CBFF, athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna reatha imeachta agus cothromaíocht agus leanúnachas a chinntiú maidir le grádú feidhmíochta.

I 2008 chríochnaigh an oifig an chéad chéim de threoirthionscadal le fheidmiú céimneach a dhéanamh ar Mheasúnuithe CBFF don fhoireann ag úsáid foirmeacha ar líne le tacaíocht teicneolaíochta Adobe. Cé gur go himmheánach atá an fócas ar dtús, d'fhéadfaí an tionscnamh seo a chur i láthair mar chomhsheirbhís óstáilte do Ranna/Oifigí eile na Státseirbhíse.

Measúnú ar Bharr Feabhais Trí Dhaoine

Is é *Barr Feabhais Trí Dhaoine (BFTD)* caighdeán náisiúnta na hÉireann do bhainistíocht acmhainní daonna. Is uirlis feabhsaithe gnó é an caighdeán *Barr Feabhais Trí Dhaoine* a ceapadh le cur le feidhmíocht eagraíochta tríd na daoine atá inti. Tá dhá phríomhchuspóir i gcaighdeán an *BFTD*:

- Feidhmiú mar uirlis feabhsaithe gnó agus mar thiománaí ar athrú agus ar nuálaíocht
- Foghlaim, forbairt agus rannpháirtíocht an fhostaí a chur chun cinn ag teacht le spriocanna na heagraíochta

Chuir PAS Creidiúnú Platanaim ar siúl (ar é an leibhéal is airde atá ar fáil é) le dhá bhliain anuas. Déanadh ár measúnú d'athchreidiúnú i nDeireadh Fómhair, le measúnóirí seachtracha ag scrúdú ár ndoiciméadúchán agus cruinnithe acu leis an bhfoireann (roghnaithe go randamach ag an measúnóir trí gach aonad agus grád). Ba iad ocht gcritéar measúnaithe ná:

- 1 Pleanáil Gnó agus Feabhsú Cáilíochta
- 2 Cumarsáid Éifeachtach agus Rannpháirtíocht Daoine
- 3 Ceannaireacht agus Bainistíocht Daoine
- 4 Pleanáil Foghlama agus Forbartha
- 5 Oiliúint agus Foghlaim ar feadh an tSaoil
- 6 Athbhreithniú ar Foghlaim

- 7 Earcú agus Roghnú
- 8 Leas an Fhostaí

Cuireadh ar an eolas sinn i mí na Nollag gur éirigh linn ár gcreidiúnú platanaim a choimeád agus tháinig feabhas ar ár scór i sé as ocht réimse; sa dá réimse eile coimeádadh ár scór, a bhí an-ard cheana féin.

Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne

Rinneamar Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne agus bhaineamar ráta rannpháirtíochta 86% amach. Bhí na torthaí an-dearfach go foriomlán. Cuireadh ceardlann ar siúl le foghrúpa dár gCoiste Comhpháirtíochta, agus déanadh Plean Gníomhaíochta a fhorbairt (agus a chur i bhfeidhm) le haghaidh a thabhairt ar aon cheist a éireodh as an suirbhé.

Airgeadas agus Rialachas Corparáideach

Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Tháinig Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí le chéile ar sé ócáid i rith na bliana, faoi chathaoirleacht Mr Eddie Sullivan, agus d'oibrigh trí chlár oibre substaintiúil. Thug an Bord aire ar leith do cheisteanna a bhain le feidhmíocht ar phríomhthosaíochtaí straitéiseacha, Ráiteas Straitéise nua a fhorbairt, rialachas airgeadais agus bainistíocht riosca. Ag gach cruinniú soláthraíodh miontuairiscí gníomhaíochta agus airgeadais don Bhord chomh maith le nuashonruithe ar réimsí mar riosca, iniúchadh inmheánach, agus dul chun cinn maidir lenár bpríomhchuspóirí straitéiseacha.

Soláthraíodh Pacáiste Ionduchtúcháin don Bhord sar ar ceapadh iad d'fhonn go mbeadh an t-ábhar go léir a bheadh uathu acu a cheadódh dóibh feidhmiú go héifeachtach. Cuireadh baill an Bhoird ar an eolas maidir leis na dualgais a bhí orthu faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí agus faoin gCód Cleachtais don Bhord. D'fhreastal an Bord ar oiliúint i rialachas corparáideach i mí Meitheamh.

Iniúchadh Inmheánach

Rinne an Coiste faomhadh ar an dTuarascáil Bhliantúil i mí Feabhra, agus ansin cuireadh faoi bhráid an Oifigigh Chuntasaíochta é. Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta Inmheánaí an Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid Choiste an Bhoird ag a gcruinniú i mí Bealtaine.

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta Inmheánaí le chéile ar cheithre ócáid agus cuireadh na tuarascálacha iniúcháireachta seo a leanas faoina mbráid:

- ◇ Párolla
- ◇ Córais inmheánacha le bheith leantach ar Iniúchtaí CPSA
- ◇ Luach ar Airgead ar Sholáthar
- ◇ Cuntasaíocht agus Tuairisciú

- ◇ Rialú Stoic
- ◇ Luach ar Airgead ar Oiliúint agus ar Fhorbairt

I rith 2008 déanadh 35 moladh ar fad ó shé cinn de thuarascálacha iniúcháireachta. Cuireadh seacht gcinn déag acu seo i bhfeidhm agus tá dul chun cinn ar na moltaí eile ag teacht leis na tuarascálacha iomchuí.

Bainistíocht Riosca

Ag léiriú an tábhacht a bhain lena chinntiú, nuair is féidir é, go n-aithnítear gach riosca agus go nglactar céimeanna oiriúnacha lena n-éifeachtaí a laghdú, tháinig an Grúpa Bainistíochta Riosca le chéile ar ocht ócáid i rith 2008 agus d'aontaigh ar an doiciméadúchán seo a leanas:

- ◇ Polasaí Bainistíochta Riosca
- ◇ Téarmaí Tagartha don Ghrúpa
- ◇ Frámaíocht Bainistíochta Riosca
- ◇ Teimpléad Chláir Riosca
- ◇ Treoirínte Chláir Riosca

Chuir an fhoireann ó thrí phríomhréimse den eagraíocht (.i. Seirbhísí Measúnaithe, Aonad Airgeadais, agus Earcú & Roghnú) a gclár riosca i láthair an ghrúpa d'fhonn go ndéanfaí bailíochtú ar na cláir leis an teimpléad agus treoirínte nua a faomhadh. Pléadh gach ceann de na rioscaí a aithníodh in éineacht leis an maolú atá ann dóibh. Rinne an grúpa athbhreithniú freisin ar an gclár riosca TF d'fhonn a chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm na moltaí a déanadh i 2007.

Cuireadh Seachtain Feasachta Riosca ar siúl i PAS i rith na seachtaine dar tús 17ú Samhain, 2008. Ba é cuspóir na seachtaine feasacht a mhéadú ar riosca i measc na foirne agus conas ab fhéidir aon riosca a laghdú.

Rinne an Bord athbhreithniú freisin ar an gClár Riosca Corparáideach.

Rialachas Tionscadail

Gné tábhachtach de rialachas corparáideach sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí is ea an bhainistíocht ghníomhach ar gach tionscadal straitéiseach le huasluach agus aschur a chinntiú dóibh as gach tionscadal a sheoltar. I gcroílár an chuspóra seo tá obair Bhord an Tionscadail agus Oifig inmheánach an Tionscadail. Agus iad tar éis teacht le chéile ar ocht n-ócáid i rith na bliana tá sé mar fhreagracht ar Bhord an Tionscadail gach tionscadal straitéiseach a leanúint san oifig agus monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na n-acmhainní atá á n-infheistiú agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh.

Soláthar

Tá an oifig faoi threoir ag na Treoirlínte agus Polasaithe Soláthair Poiblí a d'fhoilsigh an tAonad Soláthair sa Roinn Airgeadais. Chuir an tOifigeach Soláthair forbairt ar Phlean Soláthair Chorparáideach chun cinn le treoir straitéiseach a chur ar fáil i gceannach le luach ar airgead, éifeacht soláthair, agus cuspóirí chorparáideacha PAS a bhaint amach.

Dílárú

Tháinig Grúpa an Tionscadail Díláraithe le chéile roinnt uaire i rith na bliana. Cuireadh an grúpa le chéile le bainistiú a dhéanamh ar athchóiriú na hoifige i gcomhthéacs chinnidh an Rialtais dílárú go hEochail. Chuir an Grúpa Frámaíocht ann lena chinntiú go ndéanfaí an dílárú go hEochail a bhainistiú chomh héifeachtach agus ab fhéidir é agus ar bhealach a laghdódh an cur isteach ar leanúnachas gnó agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go gcoimeádtar cultúr gairmiúlachta, tiomantas, bród agus fócas PAS ar an gcustaiméir. Chuir an Grúpa samhail ghnó le chéile do Bhaile Átha Cliath agus d'Eochail tar éis na díláraithe. I ndiaidh Fógra an Rialtais maidir le dílárú PAS go hEochail, a bhfuil athbhreithniú le déanamh air i 2011, aontaíodh go gcuirfeadh an Grúpa na ceistanna seo chun cinn a luaithe agus a aontaítear ar dhátaí leasaithe díláraithe.

Déanadh Córas Soláthair Aistriúcháin Ghaeilge a fhorbairt i 2008 agus tá sé le seoladh i mí Eanáir 2009. Beidh an córas seo chun leasa na hoifige maidir le seirbhísí aistriúcháin aon uaire a sholáthar agus taifid soláthair a choimeád orthu.

Gaolmhaireacht leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP)

Tá iniúcháirí seachtracha a bheith ann ina ghnáthchuid dosheachanta de ghnó na hearcaíochta san earnáil poiblí. Lasmuigh den scrúdú bliantúil ar ár n-airgeadas ag oifig an ARC&C, bíonn teagmháil rialta ag an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis an CCSP maidir lena iniúcháireacht ar fheachtais earcaíochta de réir na gcaighdeán a leagadh síos ina gCód Cleachtais foilsithe.

Fáiltíonn an oifig roimh nádúr neamhspleách na n-iniúchtaí seo mar bhealach lena chinntiú go gcoimeádtar caighdeán arda i ngach gné de ghnó na hearcaíochta.



AGUISÍNÍ

AGUISÍN I

Achoimriú ar an nGníomhaíocht Earcaíochta 1 Eanáir – 31 Nollaig 2008

	Iomlán na n-iarrratas a fritheadh	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon a ainmníodh/a moladh
Státseirbhís			
Cléireachais (téarma scoile san áireamh)	15,760	2,621	1,925
Riaracháin	16,047	1,225	555
Ardbhainistíocht agus Gairmí	6,871	1,499	538
IOMLÁN	38,678	5,345	3,018
Ceapacháin áitiúla			
Údaráis Áitiúla	2,713	943	181
Earnáil Sláinte	2,157	401	99
IOMLÁN	4,870	1,344	280
Gníomhaíocht eile			
Earcaíocht Gardaí	5,719	2,326	1,237
Cúltaca an Gharda	4,366	788	539
Oifigigh Príosúin/Cearda	3,546	828	380
IOMLÁN	13,631	3,942	2,156
	Iomlán na nIarratas a fritheadh	Líon a cuireadh faoi thástáil/agallamh	Líon ainmneacha a cuireadh chuig an Cliant
Seirbhísí Breise Roghnaithe/Trialach a cuireadh ar fáil			
Údaráis Áitiúla	3,771	2,043 a tástáladh	1,381
F.na Seirbhíse Sláinte	394	154 a tástáladh	100
Altranas Lánfhásta 2008	1,738	1,148 a tástáladh	869
Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	1,202	180 faoi agallamh	
IOMLÁN	7,105	3,525	2,350
	Iomlán na nIarratas a fritheadh	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon a ceapadh/moladh
MÓR-IOMLÁN	64,284	10,811	5,454

Tá mionsonraí breise ar na staitisticí seo ar fáil ach iad a iarraidh

AGUISÍN II

Toradh na Suirbhéanna ar Iarrthóirí agus ar Chomhaltaí Boird agus Caighdeáin Seirbhíse Eile

Toradh Suirbhé na nIarrthóirí (6,345 freagra)

<i>Fógra faighte</i>	<i>Ráta Freagraí Dearfacha</i>	<i>Ráta Freagraí Diúltacha</i>
Sástacht le réamhfhógra maidir leis an triail	88%	5%
Leabhrán Eolais ar an Triail ar fáil in am tráth ar an suíomh gréasáin	93%	4%
Sástacht le tráthúlacht toradh na trialach	61%	18%
Sástacht le réamhfhógra maidir leis an agallamh	85%	7%
Sástacht le tráthúlacht toradh an agallaimh	76%	10%
<i>Iarrthóirí faoi Riachtanais Speisialta (3% des na freagraí)</i>		
Riachtanais speisialta sonraithe ar an bhfoirm iarratais.	47%	50%
An ndearna ball foirne teagmháil leat de réir d'iarratais	77%	23%
Má iarradh ábhar inrochtana ar fáil ar iarratas	73%	27%
Sástacht le seirbhísí chun freastal ar riachtanais speisialta	68%	13%
<i>Freagairt ar Iarratais</i>		
Admháil ar chomhfhreagras scríofa ins na trí lá	70%	21%
Freagra iomlán ins na deich lá	73%	19%
Gach comhfhreagras i bhfriotal soiléir, simplí	81%	10%
Sástacht le tráthúlacht an aischothú ón agallamh (má iarradh)	63%	15%
Sástacht le caighdeán an aischothú ón agallamh	49%	20%
Déileáil le achomharc san achar leagtha síos sa Chód CPSA (rinne 4% des na hiarrthóirí achomharc)	41%	20%
Foilseacháin ar fáil go tráthúil i nGaeilge nuair a iarradh iad	50%	50%
Seirbhís i nGaeilge ar iarratas	50% (páirteach 12.5%)	37.5%
<i>Plé leis an bhFoireann</i>		
Bhí na baill foirne deábhéasach	80%	1%
Bhí na baill foirne eolach	69%	4%
Bhí na baill foirne cuiditheach	77%	3%
Bhí na baill foirne éifeachtach	73%	5%
<i>Suíomh Gréasáin</i>		
Soiléireacht	84% a thug grád maith/sármhaith	3% a thug grád lagmheasatha/dona
Éascaíocht in úsáid	86% a thug grád éasca/sách éasca a leanúint	6% a thug grád sách deacair/deacair a leanúint
Nós imeachta na nIarratas	82% a thug grád sármhaith/maith	4% a thug grád lagmheasatha/dona
Feabhas na faisnéise	74% a thug grád dea-fhaisnéise/ardfhaisnéise	3% a thug grád bochtfhaisnéise

Toradh Suirbhé na gComhaltaí Boird (81 freagra)

Ceist	Freagraí			
Cén ról a bhí agat ins na Boird Agallaimh?	Comhalta Boird/Cathaoirleach 62%	Ionadaí Sheirbhís um Cheapacháin Phoiblí 10%	An Dá Ról 29%	
Cé mhéad lá a chaith tú le boird agallaimh ó Mheán Fómhair 2007 go Deireadh Fómhair 2008?	1 go 5 21%	6 go 10 31%	11 go 20 24%	Níos mó ná 20 24%
Sonraigh na cineálacha Bord Agallaimh ar ghlac tú páirt iontu	Feachtais slua-earcaíochta 15%	Speisialtóir/ Ardbhainistíocht/ Gairmí 68%	An dá chineál 17%	
An dóigh leat go raibh na páipéir don Bhord Agallaimh agat in am tráth chun ullmhú don Bhord Agallaimh?	Is dóigh 94%	Ní dóigh 6%		
An bhfuair tú oiliúint ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le do ról mar Chomhalta Boird/Ionadaí na Seirbhíse	Fuair 52%	Ní bhfuair 44%	Ní cuimhin liom 4%	
An raibh cruinniú faisnéise agat le ball foirne nó ionadaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí sular thosaigh an bord agallaimh?	Bhí 90%	Ní raibh 10%		

Ceist	Freagraí			
Má fuair, ar chuidigh sé leat sa ról a bhí agat?	Chuidigh 97%	Níor chuidigh 3%		
An bhfuair tú íocaíocht na dtáillí, ar an meán?	Faoi cheann coicíse 58%	In achar níos faide na coicíos 42%		
An bhfuair tú íocaíocht ar chostais taistil agus cothaithe (má bhí siad tuillte), ar an meán?	Faoi cheann seachtaine 6%	Idir seachtain is coicíos 34%	In achar níos faide ná coicíos 59%	
Cén meas a bheadh agat ar na háiseanna seo a leanas: Seomraí agallaimh Tae/Caife Lón Fáiltiú Limistéar feithimh Leithris	Faoi bhun an mheán 1% 7% 25% 0% 1% 0%	Meánleibhéal 9% 23% 33% 4% 17% 11%	Maith 52% 45% 34% 32% 46% 43%	Sármhaith 38% 25% 8% 64% 36% 46%
Ar úsáid tú na háiseanna teileachomhdhála?	D'úsáid 28%	Níor úsáid 72%		
Má úsáid, cén meas a bheadh agat orthu?	Lagmheasartha 0%	Meánleibhéal 21%	Maith 48%	Sármhaith 31%
Cén meas a bheadh agat ar an seirbhís a chuir an fhoireann ar fáil duit ar an iomlán?	Lagmheasartha 0%	Meánleibhéal 0%	Maith 39%	Sármhaith 61%
Modh freagartha is rogha leat ar an suirbhé.	Suirbhé teileafóin 18%	Suirbhé idirlín nó ríomhphoist 75%	Suirbhé ar pháipéar 0%	Suirbhé pearsanta 7%

Caighdeáin eile seirbhíse a bhaint amach 2008

Seirbhís	Caighdeán	Toradh
Cliant		
Foireann riaracháin a chur ar fáil do Chliant ar iarratas	Painéil bunaithe dos na gráid seirbhíse ginearálta in 80% des na láithreacha	Painéil ghinearálta bunaithe do phoist PO/AP/HEO/AO (de réir comhaontaithe Roinn Airgeadais/ceardchumann) le freastal ar an éileamh ins na réigiúin. Painéil CO do gach láthair. Painéil SO/EO do chéatadáin idir 72% agus 100% de na láithreacha gach ráithe.
Ceapadh foireann riaracháin i bpoist i mBÁC	Sonraí ar fáil don chliant faoi cheann 5 lá i gcás 80% de na folúntais	Níor baineadh amach
Ceapadh lucht Ardbhainistíochta, Gairme agus Teicniúil	80% de na feachtais le cur i gcrích san achar a aontaíodh leis an gcliant (mar chuid de Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse)	Níor baineadh amach (77%)
	Folúntais le líonadh go hiomlán i gcás 95% de na feachtais	Baineadh amach
Seirbhísí eile a chur ar fáil a bhaineann leis an earcaíocht/roghnú (m.sh. postanailís, rogha páirtearcaíochta nó roghnaithe)	Achar ama le comhaontú leis an gcliant nuair a iarrtar é mar chuid de Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse	Baineadh amach
Custaiméirí go léir		
Suíomh gréasáin feiliúnacha inrochtana a chur ar fáil – publicjobs.ie	Aga fónaimh 99%. Seirbhís i bhfeidhm arís faoi cheann dhá uair a chloig tar éis briseadh a fhógairt.	Baineadh amach
Seirbhís tráthúil a chur ar fáil maidir le fiosrúcháin teileafóin	Freagra pras ar ghlaonna (spríoc 10 soicind i rith uaireanta oifige)	Ní raibh staitisticí ar fáil don aga freagartha de dheasca deacrachtaí teicniúla leis an gcóras.
Scothsheirbhís a chur ar fáil do gach aicme faoi chumhdach na reachtaíochta um Chomhionannas	Gach feachtas a chur i gcrích de réir scothchaighdeáin comhionannais agus ilchineálachta	Baineadh amach

AGUISÍN III

Achomhairc

Achomhairc ar na Céimeanna Difriúla sa bhliain 2008

		Líon a fritheadh
Athbhreithniú Tosaigh	PAS Leibhéal 1	151
	PAS Leibhéal 2	78
Eadránaí Cinnidh	PAS Leibhéal 3	16

AGUISÍN IV

Dul chun Cinn maidir le Príomh-Tháscairí Feidhmíochta de réir Ráiteas Straitéise 2008-2010

Aidhm Uileghabhálach – seirbhís earcaíochta proifisiúnta a chur ar fáil do na cliant ar chaighdeán idirnáisiúnta

Príomh-Tháscairí Feidhmíochta Rath a bheith ar 95% de na feachtais chun an folúntas iomchuí a líonadh Sástacht 80% na gcliant leis an seirbhís a cuireadh ar fáil	Dul chun cinn Baineadh amach Suirbhé na gCliant le heisiú go luath sa bhliain 2009
--	---

Aidhm 1 – Scothchaighdeán Seirbhíse Earcaíochta agus Roghnaithe

Príomh-Tháscairí Feidhmíochta Seirbhís réigiúnda a bhunú (faoi lár 2009) Fáil a bheith ag na cliant ar iarrthóirí cáilithe go cuí do gach folúntas ins na gráid seirbhíse ginearálta Iarrthóirí a cheapadh i bpoist seirbhíse ginearálta i mBÁC faoi cheann 5 lá STAR a sheoladh faoi lár 2009 Ionad Freastal Custaimeirí a bheith ann faoi Nollaig 2008 Líon na míreanna trialach a mhéadú 100% faoi 2010 Foireann ins an oifig in Eochail faoi dheireadh 2009 Bainisteoir um Chaidreamh le Áisínreachtaí Stáit le ceapadh go luath sa bhliain 2009	Dul chun cinn Ar siúl Baineadh amach Níor baineadh amach Ar siúl Ionad píolóta bunaithe Ar siúl Ar feitheamh de réir cinneadh Rialtais Á bhreithniú faoi láthair
---	---

Aidhm 2 – Dianstiúrú Caidrimh leis na hIarrthóirí

Príomh-Tháscairí Feidhmíochta Iniúchadh Bliantúil Ilchineálachta maidir leis na hIarrthóirí i bpróiseas na hearcaíochta Iniúchadh Bliantúil Inrochtaineachta ar an suíomh gréasáin Méadú 20% ar an líon a cláraítear gach bliain ar publicjobs	Dul chun cinn Le cur i bhfeidhm in imeacht 2009 Faoi scrúdú mar chuid de thionscnamh STAR Baineadh amach
--	--

Aidhm 3 – Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

Príomh-Tháscairí Feidhmíochta Dhá Sheimineár sa bhliain ar théamaí a bhaineann leis an Earcaíocht/Roghnú Ceithre príomhphiosa taighde le foilsíú i gcaitheamh na Straitéise Comhdháil ar an Ilchineálachas a thionól Teagmháil le EPSO a neartú	Dul chun cinn Tionóladh seimineár ar 24 Aibreán ar “Dea-Chleachtas maidir le córais ardú céime” Ar siúl Tionóladh ar 11 Meán Fómhair Tionóladh Cruinniú Líonra ar 12 Meán Fómhair
--	--

AGUISÍN V

Tuarascáil Airgeadais

CAITEACHAS

Tá caiteachas na bliana 2008 leagtha amach thíos:

	€000
Tuarastail	6,956
Taisteal agus Cothabháil	539
Costais theagmhasacha (Oiliúint san áireamh)	595
Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	219
Trealamh Oifige	2,096
Caiteachas ar Fhoirgnimh Oifige	307
Seirbhísí Comhairliúcháin	2,024
Fógraíocht, Cóiríocht, Priontáil Páipéar Trialach	1,532
Móriomlán	14,268
Leithghabháil i gcabhair	338
Iomlán glan:	13,930

Tháinig Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha ar Idirbhearta Gnó) 2002 in éifeacht ar 7 Lúnasa 2002, rud a laghdaigh líon na laethanta a ceadaítear chun éileamh a íoc, ó 45 anuas go 30 lá. Bhí 90 cás in imeacht 2008 nuair nach ndearnadh íocaíocht san aga moille a leagadh síos. Íocadh €1,849 mar ús pionóis sa bhliain 2008.





An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Áras na Caibidle
26 – 30 Sráid na Ministreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Éire

Teileafón: + 353 1 858 7400

Facs: + 353 1 858 7500

Ríomhphost: info@publicjobs.ie